

John Redmond, an Traidisiún Parlaiminteach agus Géarchéim an Rialtais Dúchais



Príomhthoradh Foghlama: 2.2 iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht beirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach i bpolaitíocht na hÉireann.

2.4 fiosrú a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar thionchar an náisiúnachais agus an aontachais in Éirinn, lena n-áirítear na príomheachtraí idir 1911 agus 1923.

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.3, 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 2.3, 2.7, 2.11, 2.13

Réamhcheacht:

- 1 Cad a chiallaíonn an frása 'an traidisiún parlaiminteach'?
- 2 Cad a d'éirigh le Dónall Ó Conaill a bhaint amach?
- 3 Cén fáth a raibh Ó Conaill glan i gcoinne an fhoréigin?
- 4 Ainmnigh beirt a fuair inspioráid ó mhodhanna Uí Chonaill.
- 5 Déan meabhairmhapa de gach rud is cuimhin leat faoi na Plandálacha, go háirithe Plandáil Uladh.
- 6 Cén tionchar a bhí ag Éirí Amach 1798 ar Chúige Uladh? Tabhair dhá phíosa eolais ar a laghad.



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

an Ríocht Aontaithe	Teach na dTeachtaí	Teach na dTiarnaí	colscaradh
comhairle contae	tionónta/tionóntaí	cathaoirleach	an Páirtí Coimeádach
olltoghchán	an Páirtí Liobrálach	na Liobráligh	rialtas dúchais

An Traidisiún Parlaiminteach idir Ó Conaill agus Redmond


Cúlra

Ba thréimhse réasúnta ciúin é an t-am idir an Gorta Mór agus Éirí Amach na bhFíníní in 1867. Dhírigh an t-éirí amach aird rialtas na Breataine ar Éirinn arís. San olltoghchán a tháinig ina dhiaidh, bhí bua ag na Liobráligh faoi William Gladstone. Chreid Gladstone go raibh dhá cheist mhóra le réiteach in Éirinn (i) ceist úinéireacht na talún agus (ii) ról Eaglais na hÉireann (an Eaglais Phrotastúnach) mar eaglais stáit. Is sa chomhthéacs sin a bunaíodh Páirtí an Rialtais

Dúchais faoi cheannaireacht Isaac Butt. 'Séard a bhí ag teastáil ón bpáirtí sin ná go bhfanadh Éire mar chuid den Ríocht Aontaithe ach go mbeadh a parlaimint féin aici i mBaile Átha Cliath chun díriú ar chúrsaí a bhain le hÉirinn amháin.

Ní raibh tábhacht mhór ag baint le Páirtí an Rialtais Dúchais, áfach, go dtí go raibh Charles Stewart Parnell ina cheannaire air. Bhí seisean sásta comhoibriú le BPÉ (Bráithreachas Phoblacht na hÉireann) chun airgead a fháil ó imircigh Éireannacha ar fud an domhain chun an troid ar son an rialtais dúchais a chur chun cinn, cé nach raibh sé sásta úsáid a bhaint as modhanna foréigneacha.

Go dtí go bhfuair sé bás in 1891, d'éirigh le Parnell go leor brú a chur ar an dá mhórfháirtí sa pharlaimint in Westminster – an Páirtí Coimeádach agus na Liobráligh – chun dhá rud a bhaint amach (i) Bille an Rialtais Dúchais a chur os comhair Theach na dTeachtaí agus (ii) Achtanna Talún a rith a chuideodh le feirmeoirí a gcuid feirmeacha a cheannach óna dtiarnaí talún, m.sh. Acht Talún Ashbourne, 1885. Bhí an oiread sin measa ar Parnell gur tugadh 'The Uncrowned King of Ireland' air. Bhí Parnell i mbarr a réime nuair a ainmníodh é i gcás colscartha mar thoradh ar an gcaidreamh a bhí aige le bean phósta, Katharine O'Shea. Bhris an scéal sna meáin agus bhris scannal amach. Bhí an oiread sin easaontuithe taobh istigh de Pháirtí an Rialtais Dúchais faoi, gur fhás scoilt sa pháirtí. Scoilteadh an páirtí idir grúpa beag a bhí fós dílis do Parnell, agus grúpa i bhfad ní ba mhó a cháin iompar Parnell. Ba é John Redmond an ceannaire ar an ngrúpa a bhí dílis do Pharnell tar éis a bháis.



Charles Stewart Parnell

Foclóir

glan i gcoinne, go hiomlán i gcoinne: *totally against*
na Tóraithe, an páirtí coimeádach: *the Tories, the Conservative party*
i mbarr a réime: *at the height of his authority, the peak of his power*
cás colscartha: *divorce case*
na meáin: *the media*
cháin sé (aimsir chaite, cáin): *he condemned/ criticised*
BPÉ: Bráithreachas Phoblacht na hÉireann: *Irish Republican Brotherhood*

Féiniúlachtaí Éagsúla ar oileán na hÉireann timpeall 1900



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

náisiún/náisiúin	aontas	féin	daonáireamh
náisiúnaí/náisiúnaithe	aontacht	Protastúnach	féiniúlacht
náisiúnachas	aontachtas	Preispitéireach	náisiúnaithe réabhlóideacha
	athaontú	saorthrádail	saoránach/saoránaigh

Foclóir

náisiúnaithe bunreachtúla: *constitutional nationalists*
iarrthóirí: *candidates*
toghadh (aimsir chaite, briathar saor, togh): *was elected*
gnóthaí inmheánacha: *internal affairs*
á chrá: *tormenting him*

Cad is aontachtaí ann?

Is éard atá i gceist le haontachtaí ná duine atá ag iarraidh go gcoimeádfar an tAontas idir an Bhreatain Mhór agus Éirinn, mar a socraíodh in Acht an Aontais 1801 é. Ba iad James Craig agus Edward Carson ceannairí na nAontachtaithe.

Na hAontachtaithe

- 1 D'fhéach siad orthu féin mar shaoránaigh de chuid Impireacht na Breataine.
- 2 Bhí eagla orthu go ndéanfaí dochar do na gnólachtaí a bhí acu, mura leanfadh an tsaorthrádail idir Éirinn agus an Bhreatain. Bhí seans maith ann go mbrisfí an nasc sin dá bhfaigheadh Éire rialtas dúchais.
- 3 Bhí eagla orthu go mbeadh an iomarca cumhachta ag an Eaglais Chaitliceach dá bhfaigheadh Éire rialtas dúchais – 'Home Rule is Rome Rule' a thug siad air sin. An chúis a bhain leis an eagla sin ná gur aontachtaithe iad formhór de Phrotastúaigh Uladh. Bhí eagla orthu go ndéanfadh Caitlicigh leithcheal orthu taobh istigh de rialtas dúchais.

An Ghramadach

uatha iolra
an t-aontachtaí na haontachtaithe

Cad is náisiúnaí ann?

Is éard atá i gceist le náisiúnaí ná duine atá ag iarraidh go mbeadh náisiún neamhspleách ag Éirinn agus smacht ag muintir na hÉireann ar a gcúrsaí féin.

An Ghramadach

uatha iolra
an náisiúnaí na náisiúnaithe

Na Grúpaí taobh istigh den Náisiúnachas

- 1 **Náisiúnaithe bunreachtúla:** Is grúpa é seo a bhí ag iarraidh go bhfaigheadh Éire rialtas dúchais tríd an traidisiún parlaiminteach. D'úsáid siad modhanna síochánta, mar shampla, seasamh don pharlaimint in Westminster. Lean an grúpa seo Páirtí an Rialtais Dúchais faoi stiúir John Redmond.
- 2 **Náisiúnaithe réabhlóideacha:** Is grúpa é seo a bhí sásta úsáid a bhaint as modhanna foréigneacha chun sairse iomlán a fháil do mhuintir na hÉireann. Thacaigh an grúpa le BPÉ (Bráithreachas Phoblacht na hÉireann).
- 3 Chomh maith leis an dá ghrúpa sin, bhí páirtí beag darbh ainm Sinn Féin, a bhunaigh Art Ó Gríofa sa bhliain 1905, ach ní raibh aon iarrthóir acu do na toghcháin in 1910.

Cérbh é John Redmond?

Sa bhliain 1865, rugadh John Redmond i dteaghlach Caitliceach a bhí go maith as. Chaith a sheanuncail agus a athair tréimhsí mar bhaill parlaiminte in Westminster. D'fhág sé Coláiste na Tríonóide gan chéim go luath tar éis don Chairdinéal Cullen cosc a chur ar Chaitlicigh freastal ar an ollscoil sin, agus chuaigh sé ag obair dá athair. Toghadh mar bhall parlaiminte é sa bhliain 1881 agus sna blianta ina dhiaidh sin, chaith sé tréimhse fada lena dheartháir Willie ag tabhairt óráidí agus ag bailiú airgid ar son an pháirtí i measc an diaspóra Éireannaigh san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sna Stáit Aontaithe.

Agus muid ag díriú ar ról agus ar thábhacht Redmond sa traidisiún parlaiminteach, is gá díriú ar na trí cheist mhóra a bhí á chrá: (i) ceist na talún, (ii) ceist an oideachais agus (iii) ceist an rialtais dúchais.

Foclóir

an t-iarrthóir comhréitigh: *the compromise candidate*

idirbheartaíocht: *negotiation*

Conradh na Gaeilge: *Gaelic League*

Dubhghlas de hÍde: *Douglas Hyde*

Acht na nOllscoileanna: *the Universities Act*
ar leataobh: *aside*

ábhar éigeantach: *compulsory subject*

Athaontú Pháirtí an Rialtais Dúchais


Lean an scoilt faoi cholscaradh Pharnell i bPáirtí an Rialtais Dúchais go dtí 1900. Bhí ceithre ghrúpa éagsúla i measc an pháirtí, agus ceannairí difriúla ar gach ceann. Aithníodh nach mbainfí rialtas dúchais amach riamh dá leanfadh an scoilt ar aghaidh. Mar thoradh air sin, roghnaíodh Redmond mar iarrthóir comhréitigh toisc go raibh an phearsantacht ba mhealltaí aige. Chiallaigh a ról mar cheannaire comhréitigh, áfach, go raibh air a bheith cúramach agus é ag iarraidh na teachtaí sa pháirtí a thabhairt leis.

Ceist na Talún

Lean Redmond leis an obair a rinne Parnell maidir le brú a chur ar an rialtas sa Bhreatain achtanna talún a rith. Chuirfeadh na hachtanna airgead ar fáil do thionóntaí in Éirinn talamh a cheannach (talamh a bhí faoi úinéireacht tiarnaí talún ó aimsir na bPlandálacha).

Bhí air a bheith an-chúramach sna cainteanna sa pharlaimint. Bhí air a chinntiú go raibh an chuma air go raibh sé dian go leor ar an rialtas in Westminster, ach b'éigean dó na daoine ba radacaí taobh istigh de Pháirtí an Rialtais Dúchais a choimeád faoi smacht freisin.

Bhí formhór fheirmeoirí na hÉireann tar éis deis a fháil a gcuid talún a cheannach faoin mbliain 1910 agus ní féidir ról Redmond san idirbheartaíocht sin a chur ar leataobh.



Redmond ag caint ag cruinniú in 1910.

Redmond agus an Ghaeilge

Cé nach raibh Gaeilge ag Redmond, thuig sé go maith an luach agus an tábhacht a bhain léi, agus chinntigh sé go raibh an teanga á múineadh dá pháistí. Dúirt sé sa bhliain 1900: "The loss of the national tongue is not merely a reproach to Ireland – it is a practical loss. The early history, the traditions, songs, stories, music of our land are all imperishably bound up by the national tongue." D'iarr sé ar Dhubhghlas de hÍde, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge, seasamh ar son Pháirtí an Rialtais Dúchais sa bhliain 1904. Dhiúltaigh de hÍde áfach.

In 1908, chuir Redmond in iúl go raibh sé ar son stádas na Gaeilge mar ábhar éigeantach agus sa bhliain chéanna d'oibrigh sé leis an rialtas Liobrálach ar Acht na nOllscoileanna. An toradh a bhí air sin ná go raibh pas sa Ghaeilge ag teastáil chun freastal ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh nó ar an gColáiste Ollscoile, i mBaile Átha Cliath.

Géarchéim an Rialtais Dúchais



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

parlaimint gan tromlach	tiarna	an UVF (Óglaigh Uladh)	tromlach	taití
na Liobrálach	Teach na dTiarnaí	an IVF (Óglaigh na hÉireann)	géarchéim	cabhlach
Teachta	Teach na dTeachtaí	cogadh cathartha	comhoibriú	cáin/cánacha

Conas a bhí Redmond in ann brú a chur ar an rialtas?

Tharla dhá olltoghchán sa Bhreatain agus in Éirinn in 1910, ach ní raibh toradh soiléir orthu. Fágadh an pharlaimint in Westminster gan tromlach dhá uair. Chun fanacht i gcumhacht bhí ar Herbert Asquith, Príomh-Aire agus ceannaire na Liobrálach, vótaí eile a fháil, mar shampla ó Redmond agus Páirtí an Rialtais Dúchais. Ní raibh Redmond sásta comhoibriú leis na Liobrálach go dtí gur chuir siad deireadh le ceart crosta na dTiarnaí.

Ba é a bhí i gceist leis an gceart crosta ná go raibh sé de cheart ag na Tiarnaí fáil réidh le haon reachtaíocht ó Theach na dTeachtaí nár thaitin leo. Parlaimint a bhí tofa ab ea Teach na dTeachtaí, agus bhain Teach na dTiarnaí leo siúd a raibh teideal acu. Bhí formhór na dTiarnaí ina gcoimeádaigh agus dá bhrí sin, bhí seans maith nach nglacfaidís le rialtas dúchais. Bhíodh na coimeádaigh ag iarraidh Éire a choimeád mar a bhí agus ní raibh siad ag iarraidh rialtas dúchais a thabhairt don tír.

Bhí fadhbanna ag na Tiarnaí leis an mbuiséad a bhí ag na Liobrálach mar bheadh cánacha níos airde le híoc ag na daoine ba shaibhre, a leithéidí féin. Gan bhuiséad, ní raibh an Bhreatain in ann feidhmiú. Mar thoradh air sin, fuair Asquith cead ó Rí Seoirse V, fáil réidh le ceart crosta na dTiarnaí. An t-aon cheart a bhí fágtha anois ag na Tiarnaí ná moill dhá bhliain a chur le dlíthe nár thaitin leo.

Freagraí ar an Tríú Bille um Rialtas Dúchais

An Chéad Chéim

Cuireadh an tríú bille um Rialtas Dúchais os comhair Westminster in Aibreán 1912. Ghlac Teach na dTeachtaí leis ach chuir Teach na dTiarnaí moill dhá bhliain leis. Chiallaigh sé sin go mbeadh rialtas dúchais ag Éirinn ag pointe éigin in 1914. Bhí dhá bhliain ag na haontachtaithe chun stop a chur leis. D'éagraigh Edward Carson agus James Craig 'Lá Uladh' ar an 28 Deireadh Fómhair 1912 nuair a shínigh siad 'An Conradh agus Cúnant Sollúnta Uladh'. Chuir an doiciméad seo a míshástacht le rialtas dúchais in iúl agus dúradh go n-úsáidfí 'all means necessary' chun cur i gcoinne an Rialtais Dúchais. Sa ghrianghraf, tá Edward Carson agus an Conradh á shíniú aige.



Foclóir

ceart crosta: *power of veto*

reachtaíocht: *legislation*

an Conradh agus Cúnant Sollúnta: *The Solemn League and Covenant*

Ceannaire an Churraigh: *Curragh Mutiny*

Latharna (baile i gContae Aontroma): *Larne*

Binn Éadair (sráidbhaile cois cósta ar an taobh thuaidh de Bhaile Átha Cliath): *Howth*

ní raibh an pharlaimint in ann feidhmiú: *the parliament was not able to function*

Céimeanna Níos Baolaí

Scríobh Mac Néill alt 'The North Began' sa nuachtán 'An Chlaidheamh Soluis', inar mhol sé do náisiúnaithe sampla eagraíocht na n-aontachtaithe a leanúint agus a n-eagraíocht mhíleata féin a bhunú. Bhí na haontachtaithe tar éis an UVF (Óglaigh Uladh) a bhunú chun cur i gcoinne Rialtais Dúchais go míleata. Mar fhreagra air sin, bhunaigh náisiúnaithe an IVF (Óglaigh na hÉireann) faoi Eoin Mac Néill. Bhunaigh Úna Ní Fhaircheallaigh, mar aon le mná eile, Cumann na mBan, eagraíocht bhaineann na nÓglach, ina dhiaidh sin.

Foclóir


díoltóir gunnaí: *arms dealer*
ceanncheathrú: *headquarters*
urchar/urchar: *bullet(s)*
bhain siad úsáid as luamh: *they used a yacht*

Latharna: *Larne*

Ceannairc an Churraigh: *the Curragh Mutiny*

Comhdháil Phálás Buckingham:
Buckingham Palace Convention

1914 – Bliain na nGunnaí



Ó dhíoltóir gunnaí sa Ghearmáin, d'éirigh le hÓglaigh Uladh 40,000 gunna agus na milliúin urchar a fháil. Tháinig na gunnaí i dtír ag Latharna i gContae Aontroma in Aibreán 1914.

Ag an am sin, bhí ceanncheathrú Arm na Breataine sa Churrach i gContae Chill Dara. Tharla Ceannairc an Churraigh nuair a dúirt na saighdiúirí in Arm na Breataine nach mbeidís sásta troid i gcoinne an UVF.

Bhí ar Asquith brú a chur ar Redmond Ulaidh a fhágáil as an áireamh maidir le Rialtas Dúchais mar thoradh ar Cheannairc an Churraigh. I mí an Mhárta 1914, d'aontaigh Redmond go bhféadfadh gach contae in Ulaidh fanacht as an rialtas dúchais go ceann 6 bliana. Dúirt Edward Carson, ceannaire na nAontachtach, nach mbeadh sé in ann glacadh leis sin, ag rá, 'Ulster wanted this question settled now and forever. They did not want sentence of death with a stay of execution for six years.'



Edward Carson

I mí Iúil 1914, d'éagraigh Rí Seoirse V Comhdháil Phálás Buckingham. Cruinniú a bhí ann idir Redmond, Carson agus polaiteoirí na Breataine agus iad ag iarraidh teacht ar réiteach ar an bhfadhb faoi na contaetha a d'fhanfadh lasmuigh den rialtas dúchais. Tháinig deireadh leis an gcruinniú tar éis trí lá – ba léir nach bhféadfaí teacht ar réiteach maidir le todhchaí Fhear Manach ná Tír Eoghain dá dtiocfadh rialtas dúchais isteach. Ba chontaetha iad sin ina raibh cothromaíocht sa daonra idir Prostatúnaigh agus Caitlicigh.

Dhá lá tar éis na comhdhála, tháinig níos mó gunnaí isteach go hÉirinn ón nGearmáin, ach an uair seo, ba iad Óglaigh na hÉireann a thug isteach iad. Bhain siad úsáid as luamh Erskine Childers, an *Asgard*, chun iad a thabhairt i dtír ag Binn Éadair i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath.

An t-aon rud a chuir stop le cogadh cathartha ar oileán na hÉireann ag an am sin ná tús an Chéad Chogadh Domhanda.

Ag obair le foinsí

Féach ar an bhfoinse agus freagair na ceisteanna a bhaineann léi.


Foinse A: Sa ghrianghraf thall, tá Mary Spring Rice agus Molly Childers agus gunnaí Gearmánacha á dtabhairt isteach acu ar son an IVF ag Binn Éadair i mí Iúil 1914.

Ceisteanna

- 1 Cén cineál foinse í seo?
- 2 Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le foinsí mar seo?
- 3 An foinse luachmhar í seo? Cad é a léiríonn an foinse seo faoi ról na mban sna gluaiseachtaí náisiúnacha ag an am?

Taighde:

- 4 Cérbh iad Mary Spring Rice agus Molly Childers?
- 5 Cén fáth a raibh baint acu leis an IVF?



Mary Spring Rice agus Molly Childers.

Botúin Redmond i rith an Chéad Chogadh Domhanda

Nuair a chuaigh an Bhreatain isteach sa Chéad Chogadh Domhanda, dúirt Redmond i dTeach na dTeachtaí, gur cheart d'fhórsaí na Breataine cosaint na hÉireann a fhágáil faoi Óglaigh na hÉireann agus Óglaigh Uladh. Smaoinigh Redmond go dtabharfadh sé sin na náisiúnaithe agus na haontachtaithe le chéile agus namhaid coiteann á throid acu. Smaoineamh neamhréalaíoch ab ea é sin, áfach. D'iarr sé ar Óglaigh na hÉireann liostáil in Arm na Breataine, rud a rinne a bhformhór, ach tharla scoilt san eagraíocht dá bharr.

An botún ba mhó a rinne Redmond i rith bhlianta an Chéad Chogadh Domhanda ná nár ghlac sé le post sa rialtas cogaidh nuair a ofráladh ceann dó in 1915. Ar an lámh eile, ghlac Edward Carson le post sa rialtas cogaidh, rud a chiallaigh go bhfuair sé cluas éisteachta ní ba mhó ná mar a fuair Redmond. Chuir foréigean Éirí Amach na Cásca déistin ar Redmond. Cé gur iarr sé achainí ar Asquith nach gcuirfí ceannairí an Éirí Amach chun báis, níor éist Asquith leis. Mar sin féin, ceaptar gur éirigh leis na hiarrachtaí a rinne sé, 52 de na daoine a ghlac páirt san Éirí Amach a shábháil ón scud lámhaigh, Eoin Mac Néill ina measc. Nuair a bhí sé soiléir nach raibh Asquith ag éisteacht le Redmond, chuir sé ceist i dTeach na dTeachtaí, ina ndearna sé comparáid idir ceannairí an Éirí Amach agus an tslí ar caitheadh leis na Bóraigh san Afraic Theas. D'éirigh na Bóraigh amach ag tús an Chéad Chogadh Domhanda, agus níor cuireadh ach duine amháin de na ceannairí chun báis. Stop an marú go gairid ina dhiaidh sin.

In 1916, d'éirigh le Redmond stop a chur leis an gcoinscríobh (go mbeadh ar gach fear singil os cionn 18 mbliana liostáil san arm) ar oileán na hÉireann. Cuireadh tús leis i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag ag an am sin, agus níor ardaíodh an cheist arís go dtí cúpla seachtain i ndiaidh a bháis in 1918. Faoin am sin, áfach, b'fhear briste é nach raibh in ann na hathruithe móra a tharla in Éirinn sa dá bhliain roimhe sin a láimhseáil.

Foclóir

an namhaid coiteann: *the common enemy*
smaoineamh neamhréalaíoch: *unrealistic thought*
rialtas cogaidh: *war government*
achainí: *pleading*
scud lámhaigh: *firing squad*
na Bóraigh: *the Boers*
coinscríobh: *conscription*

An Ghramadach

an namhaid

tuiseal ainmneach/cuspóireach:

tuiseal ginideach

uatha

Chonaic sé an namhaid ag teacht.

cumhacht an namhad

iolra

Chonaic sé na naimhde ag teacht.

cumhacht na naimhde

Redmond á Mheas

'The fact that [Redmond] was given no chance to apply his qualities in the rebuilding of his native land is one of the myriad tragedies of Irish history' a scríobh Lloyd George, iarPhríomh-Aire na Breataine, agus é ag féachaint siar ar shaol Redmond in Westminster in 1938. Bhí Redmond marbh le fiche bliain ag an am sin.

D'aithin Dermot Meleady, a scríobh dhá bheathaisnéis faoi Redmond, 'having rebuilt the party, he failed, with a few exceptions, to rejuvenate its leadership; the Home Rule project was led to the last by ageing men anxious to complete what they had begun in their youths.' B'fhíor an seanfhocal 'ní bhíonn cuimhne ar an arán a itear' i gcás Redmond, ach ba bhuan a oidhreacht d'ainneoin nach raibh deis aige ról ceannaireachta a bheith aige i stát Éireannach, a bheadh ar chomhchéim le Ceanada nó leis an Astráil in Impireacht na Breataine.

Chaith mac Redmond, agus a bhean chéile, tréimhsí fada mar TDanna do chathair Phort Láirge go dtí na 1950idí.

Bhí vótóirí Fhine Gael sa cheantar sin ag déanamh cur síos orthu féin mar 'Redmondites' go dtí deireadh na 1960idí.

Foclóir

athruithe móra a láimhseáil: *to handle the big changes*

ní bhíonn cuimhne ar an arán a itear, déantar dearmad go luath ar rud atá thart: *eaten bread is soon forgotten*
ba bhuan a oidhreacht: *his legacy was permanent*

d'ainneoin: *despite*

ar chomhchéim le: *equal to*

Foclóir

cineál báid: *Yawl*

hata uiscédhionach: *sou'-Wester*
bata/bataí: *stave(s)*

castainn, gléas meicniúil, a raibh cruth druma air, a d'úsáidfí chun téad cheansúcháin a láimhseáil: *winch*



Bileog Oibre

Foinsí ar Ghéarchéim an Rialtais Dúchais

Ag obair le foinsí

Foinse A: Seo sliocht as alt sa *Belfast News Letter*, nuachtán Aontachtach, 27 Iúil 1914.

'The greatest possible reticence is observed by both military and police authorities as to what really occurred at Howth or in Dublin. I have been fortunate, however, in obtaining the story of the gun-running from an eyewitness who happened to be on the East Pier at Howth when the gun-runner sailed into the harbour at midday. It was a large white painted yawl of about fifty tons, and was steered by a young woman who was dressed in oilskins and a sou'-Wester. It is said that it was a man in disguise. (...) Simultaneously with the arrival of the yacht about five hundred men of the Irish Volunteers suddenly arrived on the pier, across the entrance, to which a cordon was drawn. All these men carried oak staves, while the officers were armed with revolvers. The hatches were at once opened and the loading proceeded. There was no winch available, and the rifles, which seemed to be packed with straw, were carried ashore by Volunteers. A number of motorcars and taxi cabs were in waiting, and they were at once loaded up and departed. Others were carted off by Boy Scouts in patrol carts, while the Volunteers each took a rifle. (...) The whole operation was carried out in a quiet, businesslike manner.'

- 1 Cén saghas foinsé í an fhoinsé seo?
- 2 Cén fáth a raibh bataí darach (oak staves) ag na fir ón IVF, meas tú?
- 3 An raibh siad eagraithe? Mínigh do fhreagra.
- 4 Déantar tagairt do na gasóga (boy scouts) sa phíosa seo. Faigh trí pháosa eolais faoin ngrúpa

Fianna Éireann agus an ról a bhí acu in imeachtaí in Éirinn idir 1911 agus 1916.

- 5 Tabhair samplaí d'eolas breise atá le fáil san fhoinsé seo, nach bhfuil le fáil sa phictiúr de Molly Childers agus Mary Spring Rice.
- 6 Cén saghas cur síos atá le fáil san fhoinsé seo – cur síos fíriciúil, neodrach nó claonta? Faigh dhá shampla ón téacs chun cur le do chás.

Foinse B: Cartún as an iris *Punch*, 10 Meitheamh 1914.

- 1 Tá baint ag an seanfhocal 'Imitation is the sincerest form of flattery' leis an gcartún seo. Conas a rinne náisiúnaithe na hÉireann aithris ar na hAontachtaithe?
- 2 An léirítear Redmond sa chartún seo mar dhuine arbh fhiú meas a bheith air? Mínigh do fhreagra.

Foinse C: *Waterford Standard*, 13 Aibreán 1918. 'Séard atá sa téacs seo ná sliocht as tuairisc a scríobhadh faoi chruinniú a bhí ag Comhairle Contae Phort Láirge tar éis bhás Redmond.



Cartún as an iris *Punch*, 10 Meitheamh 1914.

Chairman: My idea is that John Redmond lived five years too long, because five years ago, if we had had a leader like Parnell, we would have Home Rule today. If Redmond had stood up in the House of Commons and said, 'you won't have the manhood of Ireland unless you grant Colonial Home Rule to this country,' I say that it was the greatest loss to this country that he lived so long. (...) We know that one of the greatest men Ireland ever saw – O'Connell – said when the English press began to praise him that he used 'examine his conscience to find out what he had been guilty of against Ireland.' Today we have all the English press stating that John Redmond was the greatest loss to the empire.

Níos déanaí ag an gcruinniú céanna:

Mr. Greene: ...My God of Heaven, the English press is the most contemptible press in the world. It is constantly twisting. (...) In Mr. Redmond's time there have been gained for this country more substantial reforms than in any time of any other living Irishman since the time that Strongbow entered Waterford. In his time more has been gained in the way of education, land reform, for the upliftment of the labouring classes, and the old-age pensions, than happened in the lifetime of any man.

- 1 Cén fáth ar chreid an Cathaoirleach gur bhotún é gur mhair Redmond chomh fada sin?
- 2 Cén chodarsnacht a dhéanann sé idir Redmond agus Ó Conaill?
- 3 Cén fáth ar dhrochrud é, dar leis an gCathaoirleach, go raibh nuachtáin Shasana faoi bhrón de bharr bhás Redmond?
- 4 Tabhair ceithre shampla d'fheabhsúcháin a rinneadh in Éirinn de bharr Redmond, dar le Mr Greene.
- 5 Cén léiriú a thugann píosa mar seo ar mheon an phobail maidir le Redmond faoi uair a bháis? Mínigh do fhreagra.